Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT

## GNÁTHLEIBHÉAL

# Eacnamaíocht – Gnáthleibhéil

**SCÉIM MHARCÁLA**
&
**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**
(le húsáid leis an Scéim Mharcála)

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Topaic | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | | |
| | **Roinn A** | **3 - 7** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Monaplacht** | **8 - 10** |
| **2** | **Áirgiúlacht, An Margadh Dubh agus Lóistín Óstlainne** | **11 - 13** |
| **3** | **Éileamh agus Praghasleaisteachas** | **14 - 16** |
| **4** | **Ioncam Náisiúnta agus Eisimirce** | **17 - 19** |
| **5** | **Airgeadas an rialtais agus Cánachas** | **20 - 21** |
| **6** | **Baincéireacht agus Rátaí Úis** | **22 - 24** |
| **7** | **Díbhoilsciú, Coigilteas agus Smuigléireacht** | **25 - 28** |
| **8** | **Trádáil** | **29 - 31** |


- Níl na nótaí tacaíochta atá curtha i láthair eisiatach nó críochnaitheach.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad.
- In go leor cásanna tá príomhfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra d'fhonn na marcanna atá sannta a thuilleamh.
- Marcáilfear pointí ábhartha breise a chuirfidh iarrthóirí i láthair agus tabharfar marcanna dóibh de réir mar atá tuillte.
- Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a gcuirtear an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais agus na marcanna a shannófaí ó bhliain go bliain, mar sin.

# ROINN A

**1.** Cad iad na hinstitiúidí geilleagracha a seasann na ceannlitreacha seo a leanas dóibh?

**(i) CAI an Ciste Airgeadaíocht Idirnáisiúnta** **4 + 2 + 2**

**(ii) EDT an Eagraíocht Dhomhanda Trádála** **4 + 2 + 2**

**(16 marc)**

**2.** Bronnann a lán saoránach Éireannach cabhair airgeadais ar eagraíochtaí a chabhraíonn le daoine i dtíortha tearcfhorbartha (LDCs). Ainmnigh eagraíocht **amháin** atá páirteach san obair seo agus luaigh beart eacnamaíochta amháin, taobh amuigh de dheontais airgeadais, is féidir le **saoránaigh Éireannacha** a dhéanamh chun cabhrú le daoine i dtíortha tearcfhorbartha (LDCs).

Eagraíocht: **Goal / Concern / Trócaire / Cros Dhearg / World Vision / Bóthar** etc.

**8 marc**

Beart:

1. **Earraí a tháirgtear in LDCanna a cheannach (trádáil seachas cúnamh).**
   D'fhéadfadh go leanfadh as sin go rachadh tuilleadh airgid isteach sna LDCs agus ar an gcaoi sin cur lena gcuid saibhris.
2. **Brú a chur ar rialtais i dtíortha forbartha cleachtais trádála a athrú.**
   D'fhéadfaí polasaithe trádála a athrú agus a chinntiú ar an gcaoi sin go gcaithfí le LDCanna ar shlí níos córa trí bhrú a chur ar rialtais sa domhan forbartha
3. **Feachtas maidir le hísliú fiachais.**
   Aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le hísliú fiachais in LDCanna agus mar sin dearcadh an phobail/polasaí rialtais a athrú, trí dhul i mbun feachtais.
4. **Cuideachtaí ilnáisiúnta a spreagadh chun cleachtais chóirthrádála agus chóirfhostaíochta a ghlacadh.**
   Is féidir le saoránaigh a chinntiú, trí bhearta éagsúla (e.g. earraí a bhaghcatáil), nach ndéanann MNCs dúshaothrú ar mhuintir nó ar acmhainní LDCanna.
5. **Oibriú go deonach in LDC.**
   D'fhéadfadh saoránaigh oibriú in LDC agus seirbhís riachtanach a chur ar fáil e.g. múinteoireacht nó tógáil nó cúram shláinte a chur ar fáil etc.
6. **Earraí Cóirthrádála a cheannach**
   Is féidir le saoránaigh cabhrú trí earraí 'cóirthrádála' a cheannach, rud a chinntíonn praghsanna níos aired do tháirgeoirí agus mar sin caighdeán maireachtála níos fearr do shaoránaigh in LDCanna.
7. **Deontais nach cúnamh airgeadais iad.**
   D'fhéadfadh saoránaigh bia, éadaí, beostoc, etc a dheonadh d'fhonn cabhrú le caighdeán maireachtála saoránach in LDCanna.

**1 beart × 8 marc**

**3.** Ainmnigh an struchtúr margaíochta (Iomaíocht Fhoirfe, Iomaíocht Neamhfhoirfe nó Monaplacht) lena mbaineann gach ráiteas díobh seo thíos:

| | RÁITEAS | STRUCHTÚR MARGAÍOCHTA |
|---|---|---|
| **(i)** | Tá idirdhealú táirgí ann | **Iomaíocht Neamhfhoirfe** |
| **(ii)** | Tá na táirgí aonchineálach/comhionann | **Iomaíocht Fhoirfe** |
| **(iii)** | Tá ceannas iomlán ag gnólacht ar an bpraghas nó ar an soláthar | **Monaplacht** |

**(16 marc)**

**1ú freagra ceart: 8 marc. 2ú & 3ú: 2 × 4 marc an ceann.**

**4.** Mínigh an téarma **deischostas** agus luaigh sampla amháin de.

Míniúchán:

- **Costas na roghanna eile a tharscaoiltear.**
- **Costas an chéad rogha eile is fearr a scaoileadh tharat agus rogha á dhéanamh agat**

Sampla ábhartha ar bith:

Is é deischostas a bhaineann le dul ar choláiste an t-airgead a bheadh tuillte agat dá nglacfá le fostaíocht in áit dul ann.

**16 marc**

**(16 marc)**

**5.** Luaigh **dhá** shlí a bhféadfadh tionchar eacnamaíochta a bheith ag méadú i leibhéal na dífhostaíochta ar Easnamh ar Bhuiséad Reatha an Rialtais.

1. Tiocfaidh méadú ar **íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh** agus tiocfaidh méadú ar an easnamh sa bhuiséad dá bharr sin.
2. **Méadú ar chaiteachas ar chur chun cinn jabanna / ar chúrsaí oiliúna** ag an rialtas, rud a chuireann méadú ar an easnamh sa bhuiséad.
3. **D’fhéadfadh go mbeadh gá le foireann bhreise a fhostú sna ranna rialtais** chun déileáil leis an méadú ar an éileamh ar a gcuid seirbhísí e.g. An Roinn Leasa Shóisialaigh.
4. **Laghdú ar ioncam ó cháin ioncaim** de bharr an laghdaithe ar an líon daoine fostaithe.
5. **Laghdú ar ioncam ó cháin chorparáide** de bharr an mheatha i ngníomhaíocht eacnamaíoch sa stát.
6. **Laghdú ar ioncam cánach indíreach** de bharr laghdú ar chaitheamh airgid.
7. **Méadú ar chaiteachas an rialtais** ar chártaí liachta, liúntas cíosa, leabhair scoile etc.
8. **Ní mór don Rialtas a theacht ar fhoinsí ioncaim eile** chun costais bhreise na dífhostaíochta a chlúdach / nó caiteachas a laghdú i réimsí eile.

**(16 marc)**

**2 tionchar × 8 marc an ceann**

**6.** Tá níos mó daoine ag baint leasa as oideachas tríú leibhéal in Éirinn faoi láthair. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta a bhaineann geilleagar na hÉireann as an bhforbairt seo.

1. **D'fhéadfadh feabhas a theacht ar ionchais fostaíochta do na saoránaigh sin.**
2. **D'fhéadfadh feabhas a theacht ar chaighdeán maireachtála na saoránach sin, as a leanfadh fás breise ar an ngeilleagar.**
3. **Bíonn scileanna níos airde ag an lucht saothair / bíonn siad níos táirgiúla / d'fhéadfadh gnólachtaí a bheith níos éifeachtúlaí.**
4. **D'fhéadfadh fórsa saothair níos oilte cabhrú le FDI a mhealladh / fiontraíocht in Éirinn a spreagadh.**
5. **D'fhéadfadh cinnteoireacht níos fearr / níos eolasaí ón rialtas a bheith mar thoradh ar fhórsa saothair níos oilte.**
6. **D'fhéadfadh bailte / cathracha ina bhfuil coláistí 3ú leibhéal lonnaithe leas a bhaint as gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe.**
7. **Deischostais: d'fhéadfadh go mbeadh laghdú ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh mar thoradh ar bhreis daoine ag baint leasa as oideachas tríú leibhéal.**

**(17 marc)**

**1ú freagra ceart: 10 marc. 2ú freagra ceart: 7 marc.**

**7.** Is ionadaithe nó comhlánaithe i gcomhair fóin póca na míreanna seo a leanas. Ón liosta thíos, cuir in iúl cé acu díobh seo atá ina n-ionadaithe agus cé acu díobh atá ina gcomhlánaithe.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá curtha ar fáil.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Creidmheas Fón Póca** | **r-phost** | **Teileafón Talún** | **Clingthoin & Feidhmchláir** |

Freagra:

| | | |
|---|---|---|
| **Ionadaithe i gcomhair fóin póca** | (1) **r-phost** | (2) **Teileafón Talún** |
| **Comhlánaithe i gcomhair fóin póca** | (1) **Creidmheas Fón Póca** | (2) **Clingthoin & Feidhmchláir Fón Póca** |

**(17 marc)**

**1ú freagra ceart: 5 marc.**
**2ú, 3ú & 4ú freagra ceart: 4 marc an ceann.**

**8.** Tá an fhiontraíocht tábhachtach i bhforbairt geilleagair. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus luaigh cúis eacnamaíochta **amháin** a bhfuil an fhiontraíocht tábhachtach.

Míniúchán: **10 marc**

Is éard atá san fhiontraíocht

- an **riosca** a dtugann duine faoi
- chun **na tosca eile a chur le chéile** in aonad táirgthe / **nuáil**
- **chun** táirgeadh nó seirbhís a **tháirgeadh** /
- le súil agus **brabús** a dhéanamh.

Cúis amháin a bhfuil an fhiontraíocht tábhachtach: **7 marc**

**1. Cruthaíonn sí fostaíocht**
Teastaíonn oibrithe ó fhiontraithe chun earraí/seirbhísí a tháirgeadh.

**2. Eagraíonn sí táirgeadh**
Eagraíonn fiontraithe na tosca táirgthe eile ina n-aonaid táirgthe.

**3. Cinneann sí na tráchtearraí a tháirgeofar**
Cinneann fiontraithe cad iad na hearraí agus na seirbhísí a tháirgfear agus na cainníochtaí a bhíonn i gceist trí éileamh an tomhaltóra a thomhas.

**4. Cinneann sí na praghsanna atá le gearradh**
Cinneann fiontraithe cén praghas a ghearrfar ar earraí agus ar a seirbhísí ag súil go mbeidh éileamh ann ag na praghasleibhéil sin.

**5. Spreagann sí tuilleadh infheistíochta**
Cuireann fiontraithe a gcuid airgid agus a gcuid scileanna i ngnólacht le súil agus brabús a dhéanamh agus d'fhéadfadh sin tuilleadh infheistíochta sa gheilleagar a spreagadh má éiríonn leo.

**6. Cuireann sí áit ar fáil do chiste coigilteoirí**
Cuireann fiontraithe áit infheistíochta ar fáil do chistí coigilteoirí, rud a chruthaíonn toradh ar choigilteas.

**7. Cruthaíonn sí ioncam don rialtas**
Cabhraíonn fiontraithe le hioncam a chruthú don rialtas trí ioncam cánachais.

**8. D'fhéadfadh sí cur leis an méid onnmhairí**
Má dhéantar na hearraí a tháirgtear a onnmhairiú cabhróidh sin le staid chomhardú na n-íocaíochtaí.

**9. Cruthaítear saibhreas laistigh den tír / fás geilleagrach**
Cruthaíonn fiontraithe a n-éiríonn leo saibhreas a chabhraíonn le feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála.

**(17 marc)**

**9.** Luaigh **dhá** shlí a mbíonn tionchar eacnamaíochta aige ar gheilleagar Phoblacht na hÉireann méadú a bheith ar líon an lucht siopadóireachta a bhíonn ag taisteal go dtí Tuaisceart Éireann chun siopadóireacht a dhéanamh (siopadóireacht thar teorainn).


1. **Titeann ioncam ó chánachas** de bharr ísliú ar CBL / ioncam ó mhál do rialtas na hÉireann.
2. **Dífhostaíocht**: caillteanas jabanna sa Phoblacht de bharr caiteachas a bheith laghdaithe agus roinnt gnólachtaí a bheith ag dúnadh.
3. **Praghsáil níos iomaíche**: D'fhéadfadh miondíoltóirí sa Deisceart praghsanna a ísliú le dul in iomaíocht le miondíoltóirí i dTuaisceart Éireann.
4. **Polasaí Cánachais**: D'fhéadfadh rialtas na hÉireann machnamh a dhéanamh ar CBL a ísliú i bPoblacht na hÉireann chun an difríocht sa phraghas idir an Tuaisceart agus an Deisceart a laghdú.
5. **Méadú ar Allmhairí** isteach sa Phoblacht as a leanann tionchar diúltach ar staid chomhardú na n-íocaíochtaí / laghdú ar shreabhadh ciorclach ioncaim laistigh den tír.
6. **Gnólachtaí a bheith ag dúnadh / féimheacht** de bharr laghdú ar éileamh, ar dhíolacháin agus ar ioncaim.
7. **Brú maidir le polasaithe an rialtais a athrú** ó eagraíochtaí gnó i.e. IBEC, maidir le polasaithe eacnamaíochta a athrú d'fhonn costais san earnáil mhiondíola a athrú.

**(17 marc)**

**17 marc**

## C1 Monaplacht

Sa léaráid thíos taispeántar gnólacht **Monaplachta** atá i gcothromaíocht.




(a) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.

(i) Cuir lipéad soiléir ar gach ceann de na línte atá uimhrithe 1 go 3.
(ii) Táirgeann an ghnólacht thuas $Q_1$. Taispeáin ar do léaráid:
- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar $Q_1$. (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo. (úsáid lipéad $C_1$) **(21 marc)**

| Uimh | Teideal iomlán | |
|---|---|---|
| 1 | Costas Imeallach | **4 marc ( 2 + 2 )** |
| 2 | Meánchostas | **4 marc ( 2 + 2 )** |
| 3 | Ioncam Imeallach | **4 marc ( 2 + 2 )** |

(ii) Taispeáin ar do léaráid:
- an praghas a ghearrtar ar an aschur seo (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo (úsáid lipéad $C_1$)

| | |
|---|---|
| **$P_1$** | **an praghas a ghearrtar ar an aschur seo** |
| **$C_1$** | **meánchostas táirgeachta an aschuir seo** |

**1ú freagra ceart: 5 marc. 2ú freagra ceart: 4 marc.**

(b) Mínigh **gach ceann** de na bacainní ar iontráil seo a leanas **agus** léirigh do fhreagra le sampla i ngach cás:

- Paitinní agus Cóipchearta;
- Monaplachtaí dleathacha/monaplachtaí stáit;
- Barainneachtaí scála. **(24 marc)**

| Míniúchán | Sampla |
|---|---|
| **Paitinní agus Cóipchearta** | |
| Tugann patinn / cóipcheart an **ceart aonair** do ghnó ar phróiseas déantúsaíochta áirithe do thráchtearra áirithe. | • iPad;<br>• Apple iPhone |
| **Monaplachtaí dlíthiúla / monaplachtaí stáit** | |
| Féadfaidh an rialtas an ceart aonair ó thaobh earra nó seirbhís a sholáthar a bhronnadh ar chuideachta ionas go mbeidh srianadh dlíthiúil ar iomaíocht. | • Seirbhísí bus i mBaile Átha Cliath á soláthar ag Bus Átha Cliath<br>• Litirphost An Post<br>• Iarnród Eireann |
| **Barainneachtaí Scála** | |
| Eascraíonn siad sin sa chás go mbíonn buntáiste costais suntasach ag an soláthróir is mó sa tionscal ar iomaitheoirí eile mar gheall ar a mhéid mhór.<br>Ní dócha go mbeadh iomaitheoir ionchasach toilteanach an infheistíocht chaipitiúil a theastódh chun dul isteach i margadh an mhonaplaí a dhéanamh. | • Píblíne gháis.<br>• Eircom: línte teileafóin.<br>• ESB: línte greile<br>• Iarnród Éireann: iarnróid |

**1ú freagra ceart: 12 marc.**
**2ú / 3ú: 2 × 6 marc an ceann**

(c) Is gnólacht monaplachta é **An Post** i ngnó seachadta 'an litirphoist'**.** Tá an t-éileamh ar an litirphost ag dul i laghad agus tá roinnt oifigí beaga poist faoin tuath á ndúnadh.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann tomhaltóirí as an monaplacht **seo.**
(ii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an t-éileamh ar an litirphost ag dul i laghad.
(iii) Pléigh **dhá** shlí a mbíonn tionchar ag dúnadh oifigí beaga poist faoin tuath ar gheilleagar an phobail áitiúil **(30 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann tomhaltóirí as an monaplacht seo.

1. **Caoithiúlacht**
   Tá na hoifigí poist scaipthe ar fud na tíre agus bíonn siad oscailte sé lá in aghaidh na seachtaine, rud atá an-chaoithiúil don phobal.
2. **Costas na seirbhíse atá réasúnta saor / soláthar seirbhísí neamhbhrabúsacha**
   Tá costas na seirbhíse réasúnta saor ag 55c in aghaidh na gnáthlitreach / déantar litirphost a sheachadadh chuig gach cuid den tír, fiú amháin limistéir iargúlta, áit a bhféadfadh sé a bheith neamhbhrabúsach sin a dhéanamh.
3. **An raon seirbhísí a sholáthraítear**
   Cinntíonn oifig phoist i limistéar tuaithe go ndéantar go leor seirbhísí riachtanacha a sholáthar e.g. bailiúchán sochar stáit; íocaíochtaí bille; saoráidí coigiltis; tarchur airgid etc.
4. **Seirbhísí baincéireachta i limistéir nach bhfuil aon bhanc ag oibriú.**
   Féadfaidh daoine a gcuntas bainc AIB a úsáid in oifig phoist sa chás nach bhfuil brainse ag AIB sa cheantar.
5. **Buntáistí sóisialta**
   Ciallaíonn seachadadh poist go mbeidh teagmháil le duine éigin ag daoine nach féidir an teach a fhágáil, agus mar sin cinntítear iad a bheith slán. Cuireann oifig an phoist áit ar fáil do dhaoine chun bualadh le chéile.

**2 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2marc.**

(ii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an t-éileamh ar an litirphost ag dul i laghad.

1. **Athrú ar phraghas an earra.**
   Tháinig laghdú ar an éileamh ó thomhaltóirí de bharr an mhéadaithe ar chostas litir a sheoladh tríd an bpost.
2. **Athrú ar thoighse an tomhaltóra / ar fhaisean.**
   Gluaiseacht go dtí foirmeacha eile cumarsáide mar téacsáil, glaonna gutháin, ríomhphoist & teachtaireachtaí faics.
3. **Athrú ar phraghas na n-ionadaithe.**
   Tá praghas na modhanna cumarsáide malartacha níos saoire go coibhneasta agus mar sin tá méadú ar an úsáid téacsála, ríomhphoist etc.

**2 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2marc.**

(iii) Pléigh **dhá** shlí a mbíonn tionchar ag dúnadh oifigí beaga poist faoin tuath ar gheilleagar an phobail áitiúil.

1. **Seirbhísí riachtanacha a chailleadh.**
   Cailleann na pobail a ndéanann na hoifigí poist sin freastal orthu soláthar seirbhísí riachtanacha mar bhailiúchán sochar stáit; íocaíochtaí bille; saoráidí coigiltis; tarchur airgid etc.
2. **Seirbhísí baincéireachta a chailleadh.**
   Ní bheidh daoine sna limistéir thuaithe sin in ann leas a bhaint as seirbhísí baincéireachta An Post níos mó.
3. **Méadú ar an dífhostaíocht faoin tuath.**
   Caillfidh na daoine a d'oibrigh sna hoifigí poist sin a gcuid jabanna agus d'fhéadfadh go mbeadh ar ghnólachtaí beaga eile dúnadh freisin de bharr easpa gnó.
4. **Meath ar phobail tuaithe.**
   D'fhéadfadh nach mbeadh na pobail sin inmharthana níos mó de bharr seirbhísí riachtanacha a chailleadh, agus mar sin ní bheadh siad chomh mealltach mar áiteanna le cónaí iontu. Chomh maith leis sin, le níos lú gníomhaíochta eacnamaíoch ar bun bíonn níos lú deiseanna ann d'fhorbairt gnólachtaí nua.

**2 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2 marc.**

## Q2 Áirgiúlacht, Margadh Dubh agus Lóistín Óstlainne

(a) De réir mar a ídíonn tomhaltóirí níos mó aonad d'earra áirithe titfidh áirgiúlacht theorannach [imeallach] an earra faoi dheireadh.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Luaigh earra **amháin** a d'fhéadfadh duine a ídiú agus go mb'fhéidir **nach** dtitfeadh a áirgiúlacht theorannach [imeallach] mar thoradh air sin. Mínigh do fhreagra.

(iii) Comhlánaigh an tábla seo a leanas i do fhreagarleabhar. **Luaigh** cén pointe ag a dtosaíonn áirgiúlacht theorannach [imeallach] agus **mínigh** do rogha.

| Líon na n-aonad ídithe | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Áirgiúlacht iomlán in aonaid | 10 | 35 | 75 | 95 | 110 | 115 |
| Áirgiúlacht imeallach in aonaid | 10 | 25 | 40 | ? | ? | ? |

**(25 marc)**

(i) <u>Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi</u>: **7 marc**

Is éard atá in áirgiúlacht imeallach an **áirgiúlacht bhreise** /an sásamh a fhaightear nuair a ídíonn tú aonad breise amháin d'earra.

**5 marc** **2 marc**

(ii) Luaigh earra **amháin** a d'fhéadfadh duine a ídiú agus go mb'fhéidir **nach** dtitfeadh a áirgiúlacht theorannach [imeallach] mar thoradh air sin. Mínigh do fhreagra.

<u>Tráchtearra</u>: Toitíní / Alcól / Cógais etc. **5 marc**

<u>Míniúchán</u>:

- D'fhéadfadh an tomhaltóir an áirgiúlacht chéanna a fháil ó gach aonad breise a ídítear.
- Cógas: tá gach dáileog bhreise chomh tábhachtach céanna leis an gceann roimhe.
- Maidir le hearraí andúile d'fhéadfadh go mbeadh gá le cainníochtaí níos mó agus níos chun 'an riachtanas a shásamh' don tomhaltóir.

**<u>Míniúchán: 3 marc</u>**

(iii)

| Líon na n-aonad ídithe | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Áirgiúlacht iomlán in aonaid | 10 | 35 | 75 | 95 | 110 | 115 |
| Áirgiúlacht imeallach in aonaid | 10 | 25 | 40 | **20** | **15** | **5** |

**2 marc 2 marc 2 marc**


- **Tar éis ídiú an 3ú aonaid / ar ídiú an 4ú aonad ídithe**

**2 marc**

- Ar ídiú an **4ú** aonaid bíonn áirgiúlacht imeallach an tomhaltóra tite ó 40 aonad go dtí 20 aonad.

Míniúchán: **2 marc**

(b) Sa léaráid thíos taispeántar soláthar suíochán do cheolchoirm Rihanna i Staid $O_2$.
Nuair a bheidh na ticéid don cheolchoirm díolta d'fhéadfadh '<u>margadh dubh'</u> do na ticéid teacht chun cinn.




(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Mínigh an coibhneas idir praghas na dticéad agus an soláthar suíochán, mar a thaispeántar sa léaráid iad.
(iii) Pléigh **dhá** shlí a mbeadh tionchar aige ar dhaoine a cheannódh ticéid dá bhfásfadh 'margadh dubh' do na ticéid.

**(20 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

Is éard atá i margadh dubh: **6 marc**

- Margadh neamhoifigiúil / mídhleathach.

***nó***

- Tairiscíonn díoltóirí ticéid ar an margadh seo ar phraghsanna nach ionann iad agus an t-aghaidhluach.

(ii) Mínigh an coibhneas idir praghas na dticéad agus an soláthar suíochán, mar a thaispeántar sa léaráid iad.

De réir mar a athraíonn praghas na dticéad bíonn an soláthar suíochán gan athrú / seasta.

**6 marc**

(ii) Pléigh **dhá** shlí a mbeadh tionchar aige ar dhaoine a cheannódh ticéid dá bhfásfadh 'margadh dubh' do na ticéid.

1. Is dócha go ndíolfar ticéid ar phraghas i bhfad níos airde.
2. Tá seans gur ticéid 'bhréige' a bheadh sna ticéid agus mar sin nach mbeadh cead isteach chuig an ceolchoirm.
3. D'fhéadfaí nósanna imeachta slándála breise a thabhairt isteach maidir le bealach isteach chuig an gceolchoirm a fháil, agus mar sin d'fhéadfaí cosc a chur ar shealbhóirí ticéid bhréige dul isteach.
4. D'fhéadfadh tionscnóirí dáta breise a thairiscint do cheolchoirm eile, dá bhfeicfeadh siad go bhfuil an t-éileamh níos airde ná an soláthar.

**2 shlí ag 4 marc an ceann = 8 marc.**

(c) Tá an t-éileamh ar lóistín óstlainne in Éirinn ag laghdú le tamall.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith leis seo.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** shlí a mbeadh tionchar eacnamaíochta aige seo ar thionscal na n-óstlann.
(iii) Mol **dhá** bheart eacnamaíochta a d'fhéadfadh tionscal na n-óstlann a dhéanamh chun an claonadh seo a chasadh timpeall. Mínigh **gach** beart díobh. **(30 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith leis an bhforbairt seo.

**Titim in ioncam/ is só-earra í saoire i gcor chun donais sa gheilleagar.**
Tá ioncam na dtomhaltóirí tar éis titim, agus tá mar thoradh air sin laghdú ar an éileamh ar lóistín óstlainne (só-earra).

**Méadú ar choigilteas.**
Tá tomhaltóirí aireach maidir le hairgead a chaitheamh de bharr go bhfuil eagla orthu faoin todhchaí agus dá bharr sin laghdaigh siad a gcuid caiteachais.

**Laghdú ar thurasóirí ón gcoigríoch / euro níos costasaí.**
Níos lú turasóirí ón gcoigríoch ag tabhairt cuairte ar Éirinn de bharr an chúlú eacnamaíochta domhanda/ an costas ard a thuigtear atá ar mhaireachtáil in Éirinn agus an méadú ar luach an euro i gcoibhneas le $ SAM / £ steirling.

**Cúlú eacnamaíochta**
Mar gheall ar ghníomhaíocht eacnamaíoch laghdaithe tá laghdú ag teacht ar ghníomhaíocht gnó agus tá mar thoradh air sin laghdú ar an éileamh ar lóistín óstlainne do chomhdhálacha gnó; cruinnithe etc. D'fhéadfadh gnólachtaí fís-chomhdhálacha a roghnú in áit taisteal go dtí óstlanna le haghaidh cruinnithe.

**Praghsanna roghanna eile**
D'fhéadfadh go bhfuil luach níos fearr ar airgead á thairiscint le praghsanna tithe ósta, lóistín féinfhreastail agus brúnna, agus go soláthraíonn siad rogha níos saoire le linn cúlú eacnamaíochta.

**2 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3marc. Mínigh: 2 marc.**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** shlí a mbeadh tionchar eacnamaíochta ag an bhforbairt seo ar thionscal na n-óstlann.

**Ioncaim/brabúis níos ísle:** de bharr díolacháin atá ag laghdú tá brabús na n-óstlann atá ann cheana féin tar éis titim.
**Dúnadh:** tá roinnt óstlann nach bhfuil in ann costais a chomhlíonadh, tar éis dúnadh go sealadach nó go buan. Tá laghdú ar an sreabhadh ioncaim á fhulaingt ag roinnt óstlann.
**Dífhostaíocht ag Méadú:** ciallaíonn díolacháin laghdaithe go dteastaíonn níos lú oibrithe, as a leanann caillteanais phoist.
**Praghsanna níos ísle:** tá óstlanna ag tairiscint praghsanna níos ísle/ tairiscintí speisialta chun custaméirí a mhealladh.
**Óstlanna a dhéanann caillteanas:** leanann siad orthu ag trádáil de bharr go bhfuil siad ag cruthú insreabhadh airgid chun cabhrú le fiacha a fuarthas ar mhaithe le forbairt a aisíoc.

**2 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2marc.**

(iii) Mol **dhá** bheart eacnamaíochta a d'fhéadfadh tionscal na n-óstlann a dhéanamh chun an claonadh seo a chasadh timpeall.

**Praghsanna a ísliú / Caighdeán na seirbhísí a fheabhsú**
Trí phraghas na bpacáistí lóistín óstlainne atá ar fáil a laghdú b'fhéidir go smaoineodh níos mó daoine ar lóistín óstlainne a chur in áirithint. Caighdeán a fheabhsú ionas go measfaidh daoine go bhfuil luach níos fearr ar airgead á fháil acu.

**Fógraíocht / Cur Chun Cinn.**
D'fhéadfadh an tionscal cur leis an bhfeasacht ar na tairiscintí atá ar fáil sa tír. D'fhéadfadh an tionscal cuir chun cinn speisialta do ghrúpaí éagsúla, e.g. daoine scothaosta, a thairiscint.

**An raon seirbhísí a leathnú / nasc a dhéanamh le háiseanna áitiúla eile**
D'fhéadfadh óstlanna na nithe seo a leanas a chur ar fáil: cóireálacha spá, gníomhaíochtaí do leanaí, cláir speisialta ag díriú ar earnálacha áirithe i.e. saoirí do dhaoine aonair, etc. D'fhéadfadh siad nasc a dhéanamh le soláthróirí cúrsála, amharclanna,etc chun custaiméirí a mhealladh.

**Díriú ar thomhaltóirí san RA / i dTuaisceart Éireann.**
D'fhéadfadh Bord Fáilte/Turasóireacht Éireann dreasachtaí a chur ar fáil do dhaoine scothaosta a gcuid saoirí a thógáil in Éirinn agus dá bharr sin lóistín óstlainne a úsáid.

**2 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2 marc.**

## Q3 Éileamh agus Praghasleaisteachas

(a) Luaigh agus mínigh **ceithre** thoisc a mbíonn tionchar acu ar an éileamh ar earra nó ar sheirbhís.

**(20 marc)**

$$Q_A = f\ (P, P_{OG}, Y, T, E, G, U)$$

1. **Praghas an earra é féin.**
   Go ginearálta, de réir mar a thiteann praghas earra ceannóidh tomhaltóirí níos mó den earra sin/ tá luach níos fearr ar a gcuid airgid á fháil acu.

2. **Praghas earra comhlántach.**
   Má thagann méadú ar phraghas earra comhlántach titeann an t-éileamh ar an earra sin - e.g. beidh mar thoradh ar mhéadú ar phraghas peitril titim ar an éileamh ar charranna móra.

3. **Praghsanna earraí ionadaíocha.**
   Má thagann méadú ar phraghas earra ionadaíoch tagann méadú ar an éileamh ar an earra sin chomh maith, de bharr go bhfuil sé níos saoire go coibhneasta e.g. má thagann méadú ar phraghas ime tiocfaidh méadú ar an éileamh ar mhargairín.

4. **Ioncam an tomhaltóra.**
   Maidir le formhór na n-earraí, de réir a thagann méadú ar ioncam tagann méadú ar an éileamh orthu, agus vice versa, e.g. ceannaítear cainníochtaí níos lú earraí nuair a bhíonn duine dífhostaithe.

5. **Toighsí / rogha an tomhaltóra i dtaobh tráchtearra.**
   Nuair a éiríonn tráchtearra faiseanta nó nuair a bhíonn sé ina shéasúr féin tagann méadú ar an gcainníocht a éilítear ag gach praghas. Déanann fógraíocht iarracht tionchar a imirt ar thoighsí i dtreo an earra.


6. **Ionchais maidir le praghsanna sa todhchaí / fáil ar ioncam.**
   Má bhíonn tomhaltóir ag súil gur dócha go mbeidh praghsanna níos airde ná mar atá siad faoi láthair, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar an earra ag gach praghas.

7. **Rialacháin rialtais.**
   Má thosaíonn an rialtas clár chun tomhaltas earra áirithe a chiorrú d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar an éileamh ar an earra e.g. feachtas oideachais sláinte chun tomhaltas toitíní a chiorrú.

8. **Tosca neamhphleanáilte.**
   Dá mbeadh tonn teasa tobann ann d'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh air sin méadú ar an éileamh ar uachtar gréine / uachtar reoite.

**4 thoisc ag 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc an ceann. Mínigh: 3 marc an ceann.**

(b) Sa léaráid thíos taispeántar an t-éileamh agus an soláthar ar mhargadh an bhiatais siúcra.




Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.

(i) Cuir lipéad ar gach ceann de na línte atá uimhrithe 1 agus 2. **2 ag 3 marc an ceann.**

(ii) Taispeáin ar do léaráid:
- Praghas cothromaíochta an mhargaidh ($P_1$) ar bhiatas siúcra; **3 marc**
- Cainníocht chothromaíochta an mhargaidh ($Q_1$) díolta ar an margadh. **3 marc**

(iii) Má fuair táirgeoirí an bhiatais siúcra fóirdheontas chun táirgeadh biatas siúcra mar bhithbhreosla a spreagadh.

- Taispeáin agus mínigh an tionchar a bheadh aige ar chuar an tsoláthair ar an margadh;

**Cuar Soláthair Lipéadaithe Nua. 6 marc ( 3 marc + 3 marc)**

**Laghdódh** an fóirdheontas sin na **costais táirgeachta do sholáthróirí** agus dá bharr sin **mhéadódh siad soláthar**

**8 marc**

- Taispeáin an tionchar a bheadh aige sin ar an bpraghas cothromaíochta agus ar an gcainníocht chothromaíochta. (úsáid na lipéid $P_2$ agus $Q_2$)

**$P_2$ nua níos ísle.** **2 marc**
**Cainníocht nua níos airde á soláthar, $Q_2$.** **2 marc**

**(30 marc)**

(c) Cuir i gcás gur mar leanas a bhí Praghasleaisteachas an Éilimh (PÉ) ar an dá earra seo a leanas:

**iPhone: PED = - 3.8 Peitreal: PED = - 0.5**

**Dá dtiocfadh méadú 10% ar phraghas gach earra díobh:**

(i) Cé acu earra díobh is mó a mbeadh titim sa chainníocht de a d'éileofaí? Mínigh do fhreagra.

Freagra: is iad iPhones is mó a mbeadh titim sa chainníocht de a d'éileofaí. **8marc**

Míniúchán:

iPhone: **Tiocfaidh titim faoi 3.8 × 10 = 38% ar Qd** agus ní thiocfaidh ach **titim faoi 0.5 × 10 = 5%** ar an éileamh ar pheitreal

**2 marc** **2 marc**


(i) Cé acu earra díobh, dar leat, atá ina 'shó-earra' agus cé acu earra díobh atá ina 'riachtanas'? Mínigh do fhreagraí.

| | **Só-earra**: | **Riachtanas**: |
|---|---|---|
| **Freagra** | **iPhone** | **Peitreal** |
| **Míniúchán** | • **Bíonn praghasleaisteachas ar shó-earraí de ghnáth**<br>• **Nuair a thagann méadú ar ioncam daoine ceannaíonn siad níos mó den earra seo, de ghnáth.** | • **Ní bhíonn praghasleaisteachas ar earraí riachtanacha de ghnáth**<br>• **Nuair a thagann laghdú ar ioncam daoine ceannaíonn siad an t-earra fós, de ghnáth.** |

**1ú freagra ceart: 8 marc. Luaigh: 6 marc. Mínigh: 2 marc.**
**2ú freagra ceart: 5. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2 marc.**

## Q4 Ioncam Náisiúnta agus Eisimirce

(a) Sa léaráid thíos taispeántar Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim i ngeilleagar oscailte gan rialtas.




Cuir in iúl go soiléir cén rud a seasann gach ceann de na línte 1 go 4 dó.

| Uimh. | Seasann do | Marc |
|---|---|---|
| 1 | Íocaíocht / do thosca táirgeachta | **3 marc: 2 marc + 1 marc (pá)** |
| 2 | Soláthar /tráchtearraí nó earraí & seirbhísí | **3 marc: 2 marc + 1 marc** |
| 3 | Allmhairí | **3 marc** |
| 4 | Onnmhairí | **3 marc** |

(ii) Agus tú ag tagairt don léaráid thuas, mínigh go hachomair na saghsanna gníomhaíochtaí a tharlaíonn eatarthu seo a leanas:

- idir teaghlaigh agus gnólachtaí;
- idir teaghlaigh agus margaí iasachta;
- idir gnólachtaí agus margaí iasachta. **(25 marc)**

Teaghlaigh agus gnólachtaí

**Teaghlaigh**: soláthraíonn tosca táirgeachta / saothar (chuig gnólachtaí) agus mar thoradh air sin faigheann siad ioncam.

***nó***

**Gnólachtaí**: soláthraíonn siad tráchtearraí (earraí & seirbhísí) chuig teaghlaigh, a chaitheann a n-ioncam orthu sin.

**5 marc**

Teaghlaigh agus margaí iasachta

**Teaghlaigh**: caitheann siad cuid dá n-ioncam ag ceannach allmhairí (ó mhargaí iasachta).

**4 marc**

Gnólachtaí agus margaí iasachta

Déanann gnólachtaí cuid dá n-earraí a onnmhairiú (chuig margaí iasachta) agus faigheann siad ioncam air sin.

**4 marc**

(b) Tugtha**: Ioncam Náisiúnta mar Y = C + I + G + (X - M).**

(i) Más ionann an tIoncam Náisiúnta agus €1,500m, gan allmhairí agus onnmhairí san áireamh, ríomh an tIoncam Náisiúnta más fiú €70m na honnmhairí agus más fiú €100m na hallmhairí. **Taispeáin do chuid oibre**.

(i) Ríomh leibhéal an Ioncaim Náisiúnta. **Taispeáin do chuid oibre**. **12 marc**

| OBAIR | FREAGRA |
|---|---|
| **Y = €1,500m + X – M**.<br>€<u>1,500m</u> <u>+</u> <u>€70m</u> <u>-</u> <u>€100m</u> | €1,470m |
| **Gach cuid a bhfuil líne faoi i gceart 2 marc = 10 marc.** | **2 marc** |

(ii) D'fhorbair an t-eacnamaí John Maynard Keynes an coincheap ar a dtugtar an <u>tIolraitheoir</u> chun cabhrú lenar dtuiscint ar conas a fheidhmíonn geilleagar. Mínigh, agus tú ag úsáid sampla, an téarma a bhfuil líne faoi**.** **(20 marc)**

Sa chás gurb é 2 an t-iolraitheoir do gheilleagar áirithe agus sa chás go mbíonn inteilgin de €10m sa gheilleagar ansin méadóidh an t-ioncam náisiúnta faoi €20m.

**8 marc**

(c) Tá níos mó <u>eisimirce</u> in Éirinn faoi láthair ná <u>inimirce</u>.

(i) Mínigh an dá théarma a bhfuil línte fúthu.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis leis an staid a luaitear thuas.
(ii) Luaigh agus mínigh an tionchar eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an méadú ar an eisimirce ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- An Margadh Saothair in Éirinn;
- An tÉileamh ar Sheirbhísí Stáit; **(30 marc)**

(i) Mínigh an dá théarma a bhfuil línte fúthu.

| Eisimirce | Inimirce |
|---|---|
| Gluaiseacht náisiúnach na hÉireann ( **3** ) chun cónaí áit éigin eile ( **2** ) | Gluaiseacht náisiúnach coigríche ( **3** ) chun cónaí in Éirinn ( **2** ) |
| **5 marc** | **5 marc** |

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis leis an staid a luaitear thuas (níos mó eisimirce ná inimirce).

**1. Cúlú eacnamaíochta in Éirinn.**
Tá mar thoradh air sin méadú ar an dífhostaíocht agus le níos lú deiseanna jabanna ann tá daoine ag dul ar imirce / tá FDI ag athlonnú go dtí geilleagair ar chostais íseal.

**2. Rátaí pá in Éirinn.**
Tá rátaí pá in Éirinn ag titim. Ciallaíonn sin go bhfuil an caighdeán maireachtála ag laghdú agus mar sin tá daoine ag lorg caighdeán maireachtála níos fearr thar lear.

**3. Droch-ionchais maidir le téarnamh eacnamaíoch.**
Tá imní ar roinnt daoine faoin todhchaí agus mar sin tá siad ag lorg deiseanna jabanna in áiteanna eile.

**4. Náisiúnaigh choigríche ag filleadh ar a dtíortha dúchais.**
De bharr an mheatha sa gheilleagar tá go leor náisiúnach coigríche a tháinig go hÉirinn ar mhaithe leis an obair le linn na tréimhse borrtha ag filleadh abhaile anois de bharr an easpa deiseanna fostaíochta agus an ardchostas maireachtála in Éirinn.

**5. Deiseanna jabanna thar lear.**
Tá na daoine atá in ann ag dul ar imirce chun na jabanna atá ar fáil a aimsiú sna tíortha ina bhfuil folúntais iontu e.g. Ceanada; an Astráil agus Londain (jabanna foirgníochta san RA ag druidim le Cluichí Oilimpeacha 2012).

6. **Leibhéil chánachais in Éirinn ag méadú.**
Tá mar thoradh ar thabhairt isteach na dtobhach ioncaim éagsúla laghdú ar an gcaighdeán maireachtála. D'fhéadfadh na daoine sin gur féidir leo taisteal caighdeán maireachtála níos airde a lorg thar lear.

**2 cúis ag 5 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 3 marc.**

(iii) Luaigh agus mínigh an tionchar eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an méadú ar an eisimirce ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- An Margadh Saothair in Éirinn;
- An tÉileamh ar Sheirbhísí Stáit.

| | Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|---|
| An Margadh Saothair in Éirinn | • Tagann laghdú ar an méid<br>• Cóimheas spleáchais méadaithe<br>• D'fhéadfadh ganntanais saothair teacht chun cinn<br>• Caillteanas scileanna | • De bharr eisimirce ag dul i méid titfidh/athróidh méid/nádúr an mhargaidh saothair.<br>• De bharr eisimirce mhéadaithe d'fhéadfadh ganntanais saothair teacht chun cinn in earnálacha áirithe as a leanfadh méadú ar leibhéil phá chun na ganntanais a chomhlíonadh. |
| An t-Éileamh ar Sheirbhísí Stáit | • D'fhéadfadh laghdú teacht air. | • De bharr níos lú daoine a bheith ina gcónaí in Éirinn tiocfaidh laghdú ar an éileamh ar na seirbhísí go léir arna gcur ar fáil ag an stát e.g. oideachas, sláinte, tithíocht, sochair stáit etc. |
| **2 × 5 marc** | **2 × 2 marc an ceann** | **2 × 3 marc an ceann.** |

## Q5 Airgeadas an rialtais agus Cánachas

(a) Mínigh na téarmaí seo a leanas:
(i) Cáin dhíreach;
(ii) Caiteachas Caipitil an Rialtais;
(iii) Fiachas Náisiúnta. **(20 marc)**

| Téarma | Míniúchán |
|---|---|
| Cáin dhíreach | • cáin ar ioncaim / mhaoin / shaibhreas daoine /ghnólachtaí<br>• cáin a íoctar go díreach leis an rialtas |
| Caiteachas Caipitil an Rialtais | • eisíocaíocht ar bith a dhéanann an rialtas a sholáthraíonn sochair/infrastruchtúr fadtéarmach |
| Fiachas Náisiúnta | • is ionann sin agus méid iomlán iasachtaí an rialtais nach bhfuil aisíoctha go fóill |

**7 marc + 7 marc + 6 marc**

(b) D'fhorbair an t-eacnamaí Adam Smith na Prionsabail Chánachais seo a leanas mar phrionsabail a d'fhéadfadh córas maith cánachais a chinntiú.

**COTHROMAS BARAINNEACHT CINNTEACHT ÁIS**

(i) Mínigh **gach** ceann de na prionsabail thuas.
(ii) Chomh maith leis na prionsabail sin, pléigh prionsabal **amháin** eile is dóigh leatsa atá tábhachtach i gcóras maith cánachais. **(25 marc)**

(i) Mínigh **gach** ceann de na prionsabail chánachais thuas.

| Prionsabal | Míniúchán |
|---|---|
| Cothromas | ní mór aird a thabhairt ar **chumas gach duine** an cháin a íoc<br>**nó**<br>tógann cion níos airde ioncaim mar cháin de réir mar a mhéadaíonn ioncam |
| Barainneacht | ba chóir don ioncam a bhailítear costais an bhailiúcháin a shárú<br>**nó**<br>ba chóir do chostais mheasúnaithe agus bhailiúcháin a bheith chomh híseal agus is féidir. |
| Cinnteacht | ba chóir go mbeadh a fhios ag an gcáiníocóir/ag an mbailitheoir cá mhéad cánach atá le híoc / le bailiú |
| Áis | ba chóir an cháin a bhailiú ar shlí / ar bhealach atá áisiúil don cháiníocóir.<br>**nó**<br>ba chóir an cháin a bhailiú ag am a bheadh áisiúil don cháiníocóir. |
| **4 ag 5 marc an ceann in aghaidh an mhíniúcháin chirt 20 marc** | |

(ii) Chomh maith leis na prionsabail sin, pléigh prionsabal **amháin** eile is dóigh leatsa atá tábhachtach i gcóras maith cánachais.

| Prionsabal | Míniúchán |
|---|---|
| **Athdháileadh** | Ba chóir don cháin cabhrú leis an rialtas saibhreas na tíre a athdháileadh / cuspóirí eacnamíochta eile a bhaint amach. |
| **Imghabháil** | Ba chóir go mbeadh sé dodhéanta imghabháil (seachaint) cánach a dhéanamh. |
| **Dreasacht maidir le hobair/coigilteas** | Níor chóir don cháin feidhmiú mar dhídhreasú maidir le obair, coigilteas nó infheistíocht a dhéanamh. |
| **Imirce daoine oilte.** | Níor chóir go mbeadh an ráta cánach chomh hard sin go mbeadh sé mar dhíspreagadh do dhaoine a bheith ag obair in Éirinn. |

**5 marc**

(c) Pléigh an tionchar eacnamaíochta a bheadh ag na moltaí seo a leanas ar Gheilleagar na hÉireann, dá gcuirfí i bhfeidhm iad:
(i) Táillí coláiste tríú leibhéal a thabhairt isteach;
(ii) Ardú na haoise reachtúla scoir ó 65 go 68 bliain;
(iii) Cáin mhaoine a ghearradh ar theaghlaigh. **(30 marc)**

| Moladh | Tionchar eacnamaíochta ar gheilleagar na hÉireann |
|---|---|
| Táillí coláiste tríú leibhéal | • Tiocfaidh laghdú ar chaiteachas reatha an rialtais de bharr nach mbeadh air íoc as na táillí níos mó.<br>• De bharr go n-íocann teaghlaigh na táillí anois laghdóidh a n-ioncam indiúscartha agus mar sin laghdóidh a gcaiteachas as a leanfaidh laghdú ar an ioncam cánach indíreach a bhaileofar.<br>• B'fhéidir nach mbeidh roinnt daoine in ann freastal ar choláiste anois agus beidh orthu brath ar shochair stáit as a leanfaidh méadú ar chaiteachas reatha an rialtais.<br>• Beidh níos lú daoine cáilithe ar fáil chun an geilleagar cliste a fhorbairt.<br>• Deischostais: tá an t-airgead ar fáil ag an rialtas anois le húsáid le haghaidh rudaí eile / iasachtaí laghdaithe.<br>• Cothromas: féadfaidh na daoine a bhfuil sé in acmhainn acu é a dhéanamh íoc astu féin.<br>• De bharr laghdú ar scileanna d'fhéadfadh nach mbeadh an tír chomh mealltach sin d'infheistíocht a dhéanamh. |
| Ardú na haoise reachtúla scoir | • Ba chóir go dtiocfadh feabhas ar airgeadas an Rialtais de bharr go mbeadh daoine ag íoc cánach ar feadh tréimhse níos faide.<br>• Beidh mar thoradh air laghdú ar an líon daoine a bheidh ag lorg pinsean agus mar sin laghdófar caiteachas reatha an rialtais.<br>• D'fhéadfadh sé go gciallódh níos lú folúntas jabanna do dhaoine óga go dtiocfaidh méadú ar an dífhostaíocht agus mar sin méadóidh sé caiteachas reatha an rialtais.<br>• Le níos lú folúntas jabanna ann d'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh air sin méadú ar eisimirce. |
| Cáin mhaoine a ghearradh ar theaghlaigh | • Ba chóir go leanfadh as sin méadú ar ioncam cánachais an rialtais.<br>• Tiocfaidh laghdú ar ioncaim indiúscartha as a leanfaidh laghdú ar chaiteachas agus mar sin baileofar níos lú ioncaim cánach indírigh e.g. CBL / dleachtanna máil.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh air níos lú tithe á gceannach ag daoine, le praghsanna tithe níos ísle agus dífhostaíocht san earnáil foirgníochta agus sna hearnálacha gaolmhara ag leanúint as an laghdú ar an éileamh.<br>• Éagothromasach: d'fhéadfadh an moladh a bheith cúlchéimnitheach mura dtugtar aird ar chumas daoine an cháin a íoc.<br>• D'fhéadfadh go dtiocfadh laghdú ar cheannach / amhantraíocht sa mhargadh maoine agus go leanfadh praghsanna níos ísle as sin. |

**3 × 10 marc an ceann: 2 pointe ar leith × 5 marc an ceann.**

## Q6 Baincéireacht agus Rátaí Úis

(a) Mínigh na téarmaí seo a leanas:
- (i) Babhtáil;
- (ii) Ráta úis;
- (iii) Custaiméir creidiúnach. **(20 marc)**

| Téarma | Míniúchán |
|---|---|
| Babhtáil | • Oibiacht amháin a mhalartú ar ceann eile. |
| Ráta úis | • Praghas airgid / costas iasachtaí / toradh ar choigilteas |
| Custaiméir creidiúnach | • in ann iasachtaí / fiachais eile a aisíoc go tráthúil<br>• duine ag léiriú gur féidir leis/léi é/í féin a iompar ar shlí freagrach ó thaobh an airgid de |

**7 marc + 7 marc + 6 marc**

(b) (i) Ainmnigh **dhá** bhanc tráchtála atá ag feidhmiú in Éirinn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Bainc-Aontas Éireann** | **Banc na hÉireann** | **Permanent TSB** | **Banc Uladh** |

**2 banc ainmnithe ag 3 marc an ceann = 6 marc.**

(ii) Pléigh **dhá** phríomhfheidhm atá ag na bainc thráchtála.

**Saoráidí Coigiltis**
Tairiscíonn na bainc thráchtála urrús do chistí taisceoirí agus íocann siad ús ar a gcuid coigiltis.

**Iasachtú**
Cuireann na bainc thráchtála raon iasachtaí, rótharraingtí agus morgáistí ar fáil.

**Feidhmíonn siad córas seiceanna/cuntais reatha**
Cuireann siad ar chumas an phobail ghnó agus an phobail i gcoitinne íocaíochtaí a dhéanamh le seiceanna/soláthraíonn siad córas imréitigh éifeachtúil do sheiceanna.

**Baincéireacht 24 Uaire**
Feidhmítear an fheidhm seo trí raon modhanna lena n-áirítear ATManna, baincéireacht ar an teileafón agus baincéireacht ar an idirlín.

**Aistriú Airgid Ríomhairithe/Íocaíocht Billí Uathoibrithe**
Áirítear ar an raon saoráidí aistrithe airgid uathoibrithe a thairiscíonn na bainc thráchtála buanorduithe, dochar díreach, aistrithe creidmheasa agus pá-chonair.

**Airgeadra Eachtrach**
Tá raon saoráidí ag na bainc thráchtála a chuireann ar chumas trádálaithe idirnáisiúnta agus an pobal íocaíocht a dhéanamh nó a fháil in airgeadraí eachtracha e.g. Eurocheque, airgeadra eachtrach.

**2 feidhm ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2 marc.**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar chúis eacnamaíochta **amháin** ar chóir na bainc thráchtála a rialú.

**Custaiméirí a chosaint.**
Cinnteoidh rialú go gcosnófar leasanna thomhaltóirí na mbanc agus go mbeidh taiscí na gcoigilteoirí slán.

**Polasaithe iasachtaithe cuí.**
Cinnteoidh rialú go leanfaidh na bainc nósanna imeachta iasachta cuí agus go seachnófar ró-iasachtú / iasachtú margánta.

**Cobhsaíocht an chórais bhaincéireachta.**
Cinnteoidh rialú gur chóir go leanfadh an banc ar aghaidh a bheith cobhsaí.

**Cobhsaíocht eacnamaíoch / muinín.**
D'fhéadfadh rialú cuí a chinntiú go bhfeidhmeodh na bainc go héifeachtúil as a leanfaidh go mbeidh muinín ag an bpobal sa chóras baincéireachta / deis a thabhairt do shreabhadh creidmheasa agus d'fhás eacnamaíoch an gheilleagair. Cosc a chur ar "olléileamh ar na bainc" a theacht chun cinn.

**Gá níos lú le hidirghabháil ón rialtas.**
Má tá na bainc á rialú go cuí beidh gá lú ann go gcaithfidh an rialtas baint a bheith aige leo mar ab amhlaidh maidir leis na rathaíochtaí do thaiscí choigilteoirí, náisiúnú Anglo Irish Bank agus búnú NAMA.

**1 cúis × 4 marc. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 2 marc.**

(c) Is é an BCE a shocraíonn an príomhráta úis laistigh de réigiún an euro.
(i) Cad dó a seasann na ceannlitreacha BCE?
(ii) Dá n-ardódh an BCE na rátaí úis, luaigh agus mínigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
- Iasachtaithe;
- Coigilteoirí;
- Geilleagar na hÉireann.

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** fheidhm atá ag an mBanc Ceannais na hÉireann. **(35 marc)**

(i) **An Banc Ceannais Eorpach** **10marc**

(ii)

| Grúpa | Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|---|
| Iasachtaithe | **Costas níos airde maidir le hiasachtaí a fháil** | • Thiocfadh méadú ar an gcostas iasachtaí a fháil agus mar sin theastódh níos mó airgid chun aisíocaíochtaí a dhéanamh.<br>• Thitfeadh ioncam indiúscartha agus mar sin thitfeadh an caighdeán maireachtála.<br>• Bheadh níos lú daoine gríosaithe chun iasachtaí a fháil as a leanfadh caighdeán maireachtála níos ísle/laghdú ar ghníomhaíocht ghnó. |
| Coigilteoirí | **Toraidh níos airde** | • Thuillfeadh coigilteoirí ráta toraidh níos airde ar a gcuid coigiltis.<br>• D'fhéadfadh sin daoine a spreagadh chun tuilleadh airgid a shábháil. |
| Geilleagar na hÉireann | **Fiachas Náisiúnta.**<br>**Fás geilleagrach.**<br>**Éileamh ar ardú pá.** | • Méadaíonn costas an fiachas náisiúnta a aisíoc.<br>• D'fhéadfadh cáin ioncaim laghdaithe don rialtas a bheith mar thoradh ar níos lú caiteachais ag tomhaltóirí. D'fhéadfadh caiteachas an rialtais ar sheirbhísí a bheith mar thoradh ar ioncam níos lú.<br>• D'fhéadfadh oibrithe arduithe pá a éileamh mar chúiteamh ar an gcaighdeán maireachtála laghdaithe.<br>• D'fhéadfadh méadú ar chaiteachas leasa shóisialaigh a bheith mar thoradh ar chaillteanais phoist. |
| **3 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2marc.** | | |

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** fheidhm atá ag Banc Ceannais na hÉireann:

**(a) Déanann sé nótaí dlí-thairgthe a phriontáil /a eisiúint.**
- Is ag an mBanc Ceannais atá an t-aon údarás chun airgeadra an euro a phriontáil agus a mhiontáil in Éirinn.
- Leithdháileann sé an euro trí na hinstitiúidí airgeadais in Éirinn.

**(b) Banc an Rialtais**
- Íoctar gach ioncam rialtais isteach sa bhanc ceannais.
- Baintear gach íocaíocht a dhéanann an rialtas amach as cuntas an rialtais sa bhanc.
- Coinníonn sé cuntais an rialtais.

**(c) Banc na mBaincéirí**
- Feidhmíonn sé mar Theach Imréitigh do na bainc thráchtála a choinníonn cuntais anseo.
- Feidhmíonn an Banc Ceannais mar iasachtóir na dála deiridh.

**(d) Rialtóir na hearnála airgeadais / Eisíonn ceada d'institiúidí airgeadais.**
- Rialaíonn sé an earnáil airgeadais in Éirinn lena n-áirítear comhair chreidmheasa, cumainn fhoirgníochta, oibriúcháin an IFSC, etc.

**(e) Cúlchistí seachtracha oifigiúla.**
- Is iad seo gabháltais oifigiúla na tíre in ór, airgeadraí eachtracha agus cúlchistí eile arna ngabháil mar shlándáil in aghaidh an euro a eisiúint.
- Déanann an Banc Ceannais na cúlchistí sin a bhainistiú thar ceann na tíre.

**(f) Cobhsaíocht Praghsanna a Chothabháil.**
- Is é príomh-ról an Bhainc Cheannais cobhsaíocht praghsanna a chothabháil trína oibriúcháin pholasaí airgeadais d'fhonn iomaíochas san AE a chinntiú.

**(g) Cuireann sé Faisnéis don Tomhaltóir / Taighde Eacnamaíoch – Tuarascálacha an Bhainc Cheannais ar fáil.**
- Cuireann an Banc Ceannais faisnéis ar gach gné den gheilleagar ar fáil go rialta trí thuarascálacha an Bhainc Cheannais agus trí staitisticí a bhaineann le geilleagar na hÉireann a chur ar fáil.
- Déanann sé taighde ar nithe éagsúla a bhaineann leis an ngeilleagar chomh maith.

**(h) Cuireann sé polasaí airgeadais an AE i bhfeidhm**
- Cuireann an Banc Ceannais, thar ceann an Bhainc Cheannais Eorpaigh, an bunráta úis i bhfeidhm sa gheilleagar. Déanann sé monatóireacht ar an soláthar airgid agus ar an bhfáil ar chreidmheas in Éirinn.

**2 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3marc. Mínigh: 2 marc.**

## Q7 Díbhoilsciú, Coigilteas agus Smuigléireacht

'**Thit na praghsanna do thomhaltóirí** ar ráta bliantúil 6.6% i mí Dheireadh Fómhair 2009, de réir figiúirí atá eisithe ag an POS.'

(a) (i) Cad dó a seasann na ceannlitreacha POS?
(ii) Luaigh an téarma eacnamaíochta a chuireann síos ar an gcás a bhfuil líne faoi thuas.
(iii) Pléigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an scéal sin thuas ar **gach** ceann acu seo a leanas:

- Daoine a fhaigheann leas sóisialta;
- Coigilteoirí;
- Fostaithe. **(25 marc)**

(i) Cad dó a seasann na ceannlitreacha POS?

**Príomh-Oifig Staidrimh** **6 marc**

(ii) an téarma eacnamaíochta a chuireann síos ar an gcás a bhfuil líne faoi thuas.

**Díbhoilsciú** **4 marc**

(iii) Pléigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an scéal sin thuas ar **gach** ceann acu seo a leanas:
- Daoine a fhaigheann leas sóisialta; - Coigilteoirí; - Fostaithe.

| **Grúpa** | **Ráiteas** | **Míniúchán** |
|---|---|---|
| Daoine a fhaigheann Leas Sóisialta | **Costas maireachtála níos ísle**<br>**Caighdeán maireachtála feabhsaithe** | • Thiocfadh laghdú ar an gcostas maireachtála de bharr praghsanna níos ísle.<br>• Mhéadódh cumhacht ceannaigh agus mar sin mhéadódh an caighdeán maireachtála / ceannóidh ioncaim sheasta níos mó earraí/seirbhísí.<br>• D'fhéadfadh an rialtas rátaí leasa shóisialaigh a ísliú mar iarracht ar airgead a shábháil. |
| Coigilteoirí | **Ráta toraidh méadaithe**<br>**Coigiltis mhéadaithe** | • Thuillfeadh coigilteoirí fíor-ráta toraidh níos airde ar a gcuid coiligtis.<br>• Bheadh ioncam indiúscartha níos airde ag daoine agus d'fhéadfadh sin daoine a spreagadh chun níos mó airgid a shábháil. |
| Fostaithe | **Ioncam indiúscartha méadaithe/ caighdeán maireachtála níos airde.**<br>**Laghdú ar éilimh phá.**<br>**Caiteachas a dhíspreagadh** | • D'fhéadfadh díbhoilsciú caiteachas a dhíspreagadh, rud a laghdaíonn éileamh agus d'fhéadfadh caillteanais phoist a bheith mar thoradh air sin.<br>• Agus ioncam indiúscartha níos airde acu d'fhéadfadh ardú teacht ar chaighdeán maireachtála na bhfostaithe.<br>• D'fhéadfadh fostaithe a gcuid éilimh ar arduithe pá a mhaolú / níos lú neamhshocrachta tionsclaíche.<br>• D'fhéadfadh fostaithe a gcuid caiteachais a mhéadú agus d'fhéadfadh éileamh méadaithe agus fostaíocht mhéadaithe a bheith mar thoradh air sin. |
| **3 ag 5 marc an ceann: 3 marc + 2 marc.** | | |

(b) Tá an coigilteas ag méadú laistigh de gheilleagar na hÉireann.
  (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
  (ii) Pléigh cúis **amháin** atá leis an gcás seo a luaitear.
  (iii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhféadfadh méadú ar chaiteachas tomhaltóirí a bheith níos fearr do gheilleagar na hÉireann faoi láthair ná an coigilteas. **(20 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

Ciallaíonn coigilteas gan cuid de d'ioncam / d'airgead a chaitheamh **8 marc**

(ii) Pléigh cúis **amháin** atá leis an gcás seo a luaitear.

**Iompar aireach ó thomhaltóirí**
De bharr an chúlú eacnamaíochta tá daoine éadóchasach faoin todhchaí. Ciallaíonn an t-éadóchas sin go bhfuil caiteachas á chur siar ag tomhaltóirí.

**Easpa muiníne sa gheilleagar**
Tá daoine ag déanamh níos mó coigiltis 'le haghaidh na coise tinne' agus ag déanamh iarrachta coigiltis a chur ar leataobh don todhchaí e.g. coigilteas a dhéanamh le go mbeidh siad in ann an morgáiste a íoc amach anseo.

**Caiteachas a chur siar**
D'fhéadfadh tomhaltóirí coigilteas a dhéanmh i dtréimhsí díbhoilscithe de bharr go mbíonn siad ag súil go dtiocfaidh titim níos mó ar phraghsanna agus mar sin cuireann siad an caiteachas siar.

**Deacracht níos mó creidmheas a fháil**
De bharr go bhfuil sé níos deacra iasachtaí a fháil caithfidh tomhaltóirí coigilteas a dhéanamh anois chun na hearraí sin nach bhfuil siad in acmhainn a fháil a cheannach.

**4 marc. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 2 marc.**

(iii) **dhá** chúis a bhféadfadh méadú ar chaiteachas tomhaltóirí a bheith níos fearr do gheilleagar na hÉireann faoi láthair ná an coigilteas.

**Cabhrú le jabanna a chrúthú / cosc a chur ar chaillteanas jabanna.**
Cruthóidh méadú ar an gcaiteachas méadú ar an éileamh agus d'fhéadfadh méadú ar an éileamh ar shaothar a bheith mar thoradh air sin, as a leanfadh laghdú ar an dífhostaíocht.

**Fás geilleagrach / gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh.**
Cuirfidh méadú ar an gcaiteachas méadú ar leibhéil ioncaim sa gheilleagar agus ba chóir go ndéanfadh sin fás geilleagrach a spreagadh tuilleadh agus an caighdeán maireachtála a ardú.

**Muinín sa gheilleagar a athbhunú.**
D'fhéadfadh níos mó fostaíochta, leibhéil ioncaim a bheadh ag méadú agus caighdeán maireachtála a bheadh ag feabhsú cabhrú le muinín an tomhaltóra sa gheilleagar a athbhunú agus spreagadh níos mó a thabhairt don fhás eacnamaíoch.

**Feabhas a chur ar airgeadas an Rialtais**.
Ba chóir go dtiocfadh méadú ar ioncaim chánacha indíreacha, agus ina dhiaidh sin méadú ar ioncam cánach díreach (ó níos mó fostaíochta) agus ba chóir go gcuirfeadh é sin, i dteannta le híocaíochtaí leasa sóisialta laghdaithe feabhas ar airgeadas an rialtais.

**Infheistíocht ag fiontraithe**.
D'fhéadfadh tuilleadh infheistíochta ag fiontraithe leanúint as muinín agus fás geilleagrachta méadaithe.

**2 cúis ag 4 marc an ceann. Luaigh: 2 marc. Mínigh: 2 marc.**

(c) Is sampla de ghníomhaíocht sa 'mhargadh dubh' é smuigléireacht toitíní go hÉirinn.
  (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus tabhair sampla **amháin** eile de ghníomhaíocht den sórt sin.
  (ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an smuigléireacht.
  (iii) Pléigh **dhá** shlí a bhféadfadh tionchar eacnamaíochta a bheith ag an scéal a luaitear thuas ar gheilleagar na hÉireann. **(30 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus tabhair sampla **amháin** eile de ghníomhaíocht den sórt sin.

Míniúchán: **4 marc**

Gníomhaíocht a tharlaíonn **nach ndéantar a thaifeadadh** agus mar sin **nach gcuirtear san áireamh sna cuntais ioncaim náisiúnta .**

Sampla: **6 marc**

- **Múinteoir ag tabhairt diancheachtanna**, gan an t-ioncam a fhógairt chun críche cánach.
- **Pluiméir ag deisiú maisín níocháin ar íocaíocht airgid thirim,** gan an t-ioncam a fhógairt chun críche cánach.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an smuigléireacht.

**Praghas ard ar thoitíní in Éirinn / cánacha arda ar thoitíní.**
Tá praghas sách ard ar thoitíní in Éirinn mar gheall ar rátaí cánach indíreach arda agus dleachtanna máil arda, agus mar sin is féidir le tomhaltóirí toitíní atá á dtairiscint ar phraghas níos ísle go neamhdhleathach a cheannach.

**Bearta slándála neamhleor.**
Mar náisiún oileánach tá sé deacair patról a dhéanamh ar na teorainneacha, na calafoirt agus na haerfoirt go léir, agus mar sin meastar gur éasca an rud é toitíní a smuigleáil isteach go hÉirinn / meastar gur ceantar ard-smuigléireachta tobac í Éire.

**Éascaíocht gluaiseachta laistigh den AE.**
De bharr mhéadú an AE tá méadú mór tagtha ar náisiúnaigh an AE ag taisteal go hÉirinn agus éascaíonn sin gníomhartha smuigléireachta.

**Pionóis neamhleor /an iomarca trócaire agus pionóis á gcur i bhfeidhm.**
Tá roinnt daoine sásta dul i mbun smuigléireachta de bharr nach bhfuil na pionóis sách dian le feidhmiú mar dhíspreagadh.

**Earraí neamhdhleathacha.**
Tá toirmeasc dlíthiúil ann maidir le roinnt earraí a allmhairiú e.g. drugaí neamhdhleathacha. Is é smuigléireacht an t-aon bhealach iad a fháil isteach sa tír.

**Tá éileamh ann sa mhargadh.**
D'fhéadfadh go mbeadh roinnt daoine toilteanach earraí smuigleáilte a cheannach ag praghsanna níos ísle ar an margadh dubh de bharr go bhfuil ioncaim laghdaithe acu sa chúlú eacnamaíochta.

**2 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2 marc.**

(iii) Pléigh **dhá** shlí a bhféadfadh tionchar eacnamaíochta a bheith ag an scéal a luaitear thuas ar gheilleagar na hÉireann.

**Deischostais.**
Cailleann an státchiste an t-ioncam cánach indíreach go léir ar na toitíní sin, ioncam a d'fhéadfadh an rialtas a úsáid do sheirbhísí stáit (scoileanna agus ospidéil) / d'fhéadfadh go mbeadh orthu teacht ar fhoinsí ioncaim eile / an líon seirbhísí a chuireann sé ar fáil a laghdú.

**Costais chúram sláinte mhéadaithe.**
D'fhéadfadh an fháil fhairsing ar thoitíní smuigleáite cur leis an méid a chaitear tobac agus bheadh mar thoradh deiridh air sin costais sláinte níos airde amach anseo á iompar ag an gcáiníocóir.

**Laghdú ar ghníomhaíocht ghnó dhlisteanach.**
Fulaingeoidh na gnólachtaí sin a dhíolann toitíní go dlisteanach laghdú ar dhíolacháin, as a leanfaidh caillteanais jabanna, b'fhéidir, agus taifeadófar laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch / ioncam náisiúnta níos ísle.

**Méadú ar chaiteachas an rialtais.**
Chun srian a chur ar an ngníomhaíocht sin beidh ar an rialtas an caiteachas ar phóilíniú / shlándáil a mhéadú agus beidh níos mó brú ar airgeadas an stáit / gá le cánacha a ardú mar thoradh air sin.

**Caillteanas ioncaim chánacha.**
Fulaingeoidh an rialtas ioncaim chánacha laghdaithe de bharr díolacháin níos ísle i margaí dlisteanacha / tá tomhaltóirí ag ceannach earraí ar mhargaí neamhdhleathacha gan cáin a íoc, rud a chosnaíonn ar a laghad €400m in aghaidh na bliana ar an státchiste.

**Méadú ar leibhéil choireachta.**
Bíonn méadú ar an gcoireacht mar thoradh ar mhéadú ar ghníomhaíochtaí an mhargaidh dhuibh, rud a d'fhéadfadh eagla a chur ar shaoránaigh agus tuilleadh laghdaithe a chur ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta.

**Caighdeáin na n-earraí**
D'fhéadfadh earraí a bheith neamhshábháilte / díobhálach do thomhaltóirí mar gheall ar an easpa rialaithe.

**2 ag 5 marc an ceann. Luaigh: 3 marc. Mínigh: 2 marc.**

## Q8 Trádáil

Is geilleagar oscailte é geilleagar na hÉireann atá ag brath ar onnmhairithe chun cabhrú le fás geilleagrach.

(a) (i) Mínigh **gach ceann** de na téarmaí a bhfuil línte fúthu.

(ii) Luaigh agus mínigh **trí** chúis a bhfuil onnmhairí chomh tábhachtach sin do gheilleagar na hÉireann.

**(25 marc)**

(i) Mínigh **gach ceann** de na téarmaí a bhfuil línte fúthu.

**Geilleagar oscailte**: geilleagar a théann i mbun trádála / allmhairithe agus onnmhairithe / go hidirspleách ar thíortha eile.

**5 marc**

**Fás Geilleagrach**: méadú ar OTN in aghaidh an duine. **2 marc**

(ii) Luaigh agus mínigh **trí** chúis a bhfuil onnmhairí chomh tábhachtach sin do gheilleagar na hÉireann.

1. **Cruthú jabanna.**
   Ciallaíonn onnmhairithe méadú ar an éileamh ar earraí a dtáirgtear in Éirinn iad, as a leanann méadú ar an bhfostaíocht.
2. **Méadú ar OTN / Fás geilleagrach**
   Leanfaidh ioncaim mheádaithe laistigh den tír as an airgead a fhaightear ó onnmhairithe.
3. **Méadú ar dhíolacháin / bhrabúis.**
   Féadfaidh gnólachtaí baile cur lena gcuid díolachán/brabús trína ró-aschur a onnmhairiú go dtí margadh coigríche.
4. **Airgeadraí eachtracha a thuilleamh**.
   Féadfaidh airgeadra eachtracha a fháil borradh a chur faoi chúlchiste ár dtíre / an t-airgead a chur ar fáil chun cabhrú le híoc as allmhairithe.
5. **Infheistíocht a mhealladh**.
   Cuirfidh onnmhairithe láidre le muinín sa tír agus d'fhéadfadh siad cabhrú le hinfheistíocht a mhealladh go hÉirinn.

**1ú freagra ceart: 10 marc.**
**2ú / 3ú: 2 × 4 marc an ceann**

(b) Sampla d'allmhaire dhofheicthe is ea caiteachas ag Éireannaigh ar ócáidí spóirt thar lear.
(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh **dhá** shampla eile d'allmhairí dofheicthe.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhféadfadh roinnt rialtais a bheith ag iarraidh teorainn a chur le hallmhairí. **(25 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi: **7 marc**

- **Seirbhísí eachtracha** á gceannach ag **tomhaltóirí na hÉireann**.

**5marc** **2 marc**

(ii) Luaigh **dhá** shampla eile d'allmhairí dofheicthe: **6marc**

**(i) Muintir na hÉireann ag úsáid seirbhísí airgeadais eachtracha.**
**(ii) Bannaí ceoil eachtracha ag seinm in Éirinn.**
**(iii) Ryanair ag úsáid criúnna cothabhála i dtíortha lasmuigh d'Éirinn.**

**3 marc + 3 marc an ceann.**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhféadfadh roinnt rialtais a bheith ag iarraidh teorainn a chur le hallmhairí

**1. Tionscail bhaile a chosaint.**
D'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ag tionscail nua dul in iomaíocht le tionscail seanbhunaithe i dtíortha eile agus mar sin d'fhéadfadh an rialtas an rogha a dhéanamh iad a chosaint trí theorainn a chur ar allmhairithe iomaíocha.

**2. Fostaíocht bhaile a chosaint.**
Cailleann daoine a gcuid jabanna mar gheall ar iomaíocht eachtrach. Trí theorainn a chur ar allmhairithe d'fhéadfaí jabanna den sórt sin a chosaint.

**3. Cosaint in aghaidh geilleagair 'an tSaothair Shaoir' a thabhairt.**
D'fhéadfadh nach mbeadh gnólachtaí baile in ann dul in iomaíocht leis na tíortha sin a fhaigheann a mbuntáiste trí phá íseal a íoc lena gcuid oibrithe. D'fhéadfadh rialtas srian a chur ar allmhairithe ó na tíortha sin.

**4. Slándáil Náisiúnta.**
D'fhéadfadh leathadh galar ainmhithe, i.e. an galar crúb agus béil, a bheith mar thoradh ar shaorthrádáil. Le linn géarchéimeanna mar sin, chuir an rialtas toirmeasc ar allmhairiú beitheach cattle chun an tionscal ríthábhachtach sin a chosaint.

**5. Cearta daonna a chosaint.**
D'fhéadfadh roinnt tíortha smachtbhannaí a chur i bhfeidhm leis na tíortha sin ina dtarlaíonn mí-úsáid ó thaobh cearta daonna.

**6. Earraí straitéiseacha a tháirgeadh.**
Féadfar táirgeadh tráchtearraí áirithe, a mheasann tír a bheith riachtanach d'fheidhmiú an gheilleagair (fuinneamh, bia), a chosaint in aghaidh iomaíochta chun leanúnachas soláthair a chinntiú.

**7. Chun cosc a chur ar dhumpáil.**
D'fhéadfadh an rialtas srian a chur ar thrádáil chun cosc a chur ar dhumpáil de bharr go bhféadfadh an bonn a bhaint de ghnólachtaí baile agus a ndúnta a bheith mar thoradh air sin.

**8. Comhardú na nÍocaíochtaí a Chosaint**
D'fhéadfadh gur mian le rialtas srian a chur ar allmhairithe ionas go laghdófaí allmhairithe, agus mar sin cosc a chur air gluaiseacht i dtreo easnaimh.

**1ú freagra ceart: 8 marc. 2ú m freagra ceart: 4 marc.**

(c) I rith **2009,** tháinig **méadú ar luach** an euro (€) i gcoibhneas leis an bpunt steirling (£).

Pléigh an tionchar eacnamaíochta a bhí aige sin ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
(i) Gnólachtaí Éireannacha ag onnmhairiú go dtí an Ríocht Aontaithe;
(ii) Allmhairí go hÉirinn ón Ríocht Aontaithe;
(iii) Fostaíocht in Éirinn. **(25 marc)**

| | **Ráiteas** | **Míniúchán** |
|---|---|---|
| Gnólachtaí Éireannacha ag onnmhairiú go dtí an Ríocht Aontaithe | • Onnmairithe níos daoire<br>• Éileamh/díolacháin laghdaithe<br>• Ioncam ó dhíolacháin laghdaithe | • Tá méadú tagtha ar phraghsanna onnmhairithe Éireannacha i bpuint steirling.<br>• D'fhéadfadh go mbeidh mar thoradh air sin laghdú ar an éileamh ar onnmhairithe Éireannacha sa Ríocht Aontaithe.<br>• D'fhéadfadh laghdú teacht ar ioncam ó dhíolacháin as a leanfadh caillteanas jabanna, b'fhéidir / dúnadh roinnt gnólachtaí.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh ar ghnólachtaí Éireannacha margaí a athrú go dtí tíortha eile san AE. |
| Allmhairí go hÉirinn ón Ríocht Aontaithe | • Allmhairithe níos saoire<br>• Méadú ar allmhairithe<br>• Boilsciú laghdaithe | • Tá laghdú tagtha ar phraghsanna allmhairí ón Ríocht Aontaithe sa euro.<br>• D'fhéadfadh go mbeidh mar thoradh air sin méadú ar an éileamh ar allmhairithe go hÉirinn ón Ríocht Aontaithe.<br>• D'fhéadfadh go leanfaidh as praghsanna níos ísle titim sa ráta boilscithe.<br>• D'fhéadfadh go leanfaidh as amhábhair níos saoire costais táirgeachta níos ísle. |
| Fostaíocht in Éirinn | • Laghduithe | • Le níos lú onnmhairithe go dtí an Ríocht Aontaithe, tiocfaidh meath ar ghnólachtaí san earnáil onnmhairithe seo agus beidh dífhostaíocht ann mar thoradh air sin.<br>• Más amhábhair iad allmhairithe, d'fhéadfadh praghsanna na n-earraí críochnaithe titim, as a leanfadh éileamh méadaithe agus deiseanna fostaíochta. |

**1ú freagra ceart: 11 marc. Luaigh: 6 marc. Mínigh: 5 marc.**

**2ú & 3ú freagraí cearta: 2 × 7 marc an ceann. Luaigh: 4 marc. Mínigh: 3 marc.**